Iris Oifigiúil

na gComhphobal Eorpach

Eagrán Speisialta *

1 Feabhra 1985

An t-eagrán Gaeilge

Achtú

Clár

Conradh ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach 1

Prótacal ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn 7

Faisnéis faoi dhátá theacht i bhfeidhm an Chonartha ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach 8

Praghas: £ Irl 1,60

* Is í L 29 an uimhir a thugtar ar an eagrán speisialta seo in eagráin den Iris Oifigiúil san Ghearmáinis, san Ghréigis, san Fhraincis, san Iodáilis, san Ollannais, san Danmhairgis agus san mBéarla.

CONRADH

Ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁ.

UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

UACHTARÁN NA hÉIREANN,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

A SOISLE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

AG FÉACHAINT d'Airteagal 96 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

AG FÉACHAINT d'Airteagal 236 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,

AG FÉACHAINT d'Airteagal 204 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

DE BHRÍ go bhfuil togra curtha faoi bhráid na Comhairle ag Ríocht na Danmhairge d'fhonn na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach a athchóiriú chun deireadh a chur lena bhfeidhm i leith na Graonlainne agus chun socruithe nua ag rialú an chaidrimh idir na Comhphobail agus an Ghraonlainn a thabhairt isteach;

DE BHRÍ gur chóir, i bhfianaise shainghnéithe na Graonlainne, glacach leis an togra sin trí socruithe a thabhairt isteach a chothóidh dlúthcheangail bhuana idir an Comhphobal agus an Ghraonlainn agus a thabharfaidh aird ar a gcomhleas, agus go háirithe ar riachtanais fhorbraíochta na Graonlainne;

DE BHRÍ gurb iad na socruithe a bhaineann leis na tíortha agus na críocha thar lear, arna leagan síos i gCuid a Ceathair den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, an fráma iomchuí don chaidreamh sin, cé gur gá breisfhorálacha sonracha don Ghraonlainn,

TAR ÉIS cinneadh socruithe nua a bhainfidh leis an nGraonlainn a leagan síos de thoil a chéile agus, chun na críche sin, tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A SHOISLE Rí na mBEILGEACH:

Leo TINDEMANS,

Aire Caidrimh Eachtraigh
Ríocht na Beilge

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE:

Uffe ELLEMANN-JENSEN,

Aire Gnóthaí Eachtracha
na Danmhairge

Gunnar RIBERHOLDT,

Ambasadóir Urghnách agus Lánchumhachtach

Buan-Ionadaí na Danmhairge

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE:

Hans-Dietrich GENSCHER,

Aire Gnóthaí Eachtracha
Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine

UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ:

Theodoros PANGALOS,

Stát-Rúnaí Gnóthaí Eachtracha
na Poblachta Heilléanaí

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE:

Roland DUMAS,

Aire Gnóthaí Eorpacha
Phoblacht na Fraince

UACHTARÁN NA hÉIREANN:

Peter BARRY,

Aire Gnóthaí Eachtracha,
na hÉireann

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE:

Giulio ANDREOTTI,

Aire Gnóthaí Eachtracha,
Phoblacht na hIodáile

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG:

Colette FLESCH,

Aire Gnóthaí Eachtracha Rialtas
Ard-Diúiceacht Lucsamburg

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE:

W. F. van EEKELEN,

Stát-Rúnaí Gnóthaí Eachtracha
na Poblachta Heilléanaí

H. J. Ch. RUTTEN,

Ambasadóir Urghnách agus Lánchumhachtach,
Buan-Ionadaí na hÍsiltíre

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN:

The Right Honourable Sir Geoffrey Howe Q.C., M.P.,

Rúnaí Stáit do Ghnótaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhlathais

NOCH A RINNE, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird a chéile, COMHAONTÚ mar a leanas:

Airteagal 1

Cuirfear an fhomhír seo a leanas le pointe (a) den dara mír d'Airteagal 79 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

'Ní bhainfidh an Conradh seo leis an nGraonlainn.'

Airteagal 2

Cuirfear an Danmhairg leis na Ballstáit a ainmnítear sa chéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 131 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Airteagal 3

1. Cuirfear Airteagal 136a mar a leanas le Cuid a Ceathair den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa:

'*Airteagal 136a*

Beidh feidhm ag Airteagail 131 go 136 i leith na Graonlainne, faoi réir na bhforálacha sonracha don Ghraonlainn arna leagan amach sa Phrótacal ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn atá i gceangal leis an gConradh seo.'

2. Cuirfear an Prótacal ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn atá ag gabháil leis an gConradh seo i gceangal leis an gConradh ag bunú Comhphobail Eacnamaíochta na hEorpa. Aisghairtear leis seo Prótacal Uimh. 4 ar an nGraonlainn atá i gceangal le hAcht Aontachais an 22 Eanáir 1972.

Airteagal 4

Cuirfear an Ghraonlainn leis an liosta in Iarscríbhinn IV den Chonradh ag bunú Comhphobal Eacnamíochta na hEorpa.

Airteagal 5

Cuirfear an fhomhír seo a leanas le pointe (a) den tríú mír d'Airteagal 198 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

'Ní bhainfidh an Conradh seo leis an nGraonlainn.'

Airteagal 6

1. Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

2. Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 1985. Más rud é nach mbeidh na hionstraimí daingniúcháin go léir taiscthe faoin dáta sin, tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh taisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déannaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin.

Airteagal 7

Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na hocht dtéacs; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de Stáit a shínithe.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne Traktat.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschriften unter diesen Vertrag gesetzt.

Σε πίστωση των ανωτέρω οι υπογεγραμμένοι πληρεξούσιοι υπέγραψαν την παρούσα συνθήκη.

In witness whereof, the undersigned Plenipotentiaries have affixed their signatures below this Treaty.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leur signature au bas du présent traité.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

In fede di che, in plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce al presente trattato.

Ten blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder dit Verdrag hebben gesteld.

Udfærdiget i Bruxelles, den trettende marts nitten hundrede og fireogfirs.

Geschehen zu Brüssel am dreizehnten März neunzehnhundertvierundachtzig.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δεκατρείς Μαρτίου χίλια εννιακόσια ογδόντα τέσσερα.

Done at Brussels on the thirteenth day of March in the year one thousand nine hundred and eighty-four.

Fait à Bruxelles, le treize mars mil neuf cent quatre-vingt-quatre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an tríú lá déag de mhí Márta sa bhliain míle naoi gcéad ochtó a ceathair.

Fatto a Bruxelles, addì tredici marzo millenovecentottantaquattro.

Gedaan te Brussel, de dertiende maart negentienhonderd vierentachtig.











PRÓTACAL

ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn

Airteagal 1

1. An chóir a thugtar, ar a n-allmhairiú isteach sa Chomhphobal, do tháirgí atá faoi réir ag comheagraíocht an mhargaidh do tháirgí iascaireachta agus ar de thionscnamh na Graonlainne iad, beidh ar áireamh inti, gan dochar do shásra chomheagraíocht an mhargaidh, díolúine ó dhleachtanna custaim agus ó mhuirir chomhéifeachta agus saoirse ó shrianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta, más sásúil don Chomhphobal na deiseanna rochtana ar limistéir iascaireachta na Graonlainne a dheonófar don Chomhphobal de bhun chomhaontú idir an Comhphobal agus an t-údarás is freagrach as an nGraonlainn.

2. Na bearta uilig a bhaineann leis na socruithe d'allmhairiúchán na dtáirgí sin, ar a n-áirítear iad siúd a bhaineann le glacadh na mbeart sin, glacfar iad de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 43 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Airteagal 2

Cuirfidh an Coimisiún tograí faoi bhráid na Comhairle, a ghníomhóidh trí thromlach cáilithe, maidir leis na bearta idirthréimhseacha a mheasann sé is riachtanach, de bharrr theacht i bhfeidhm na socruithe nua, i dtaca le caomhnú ceart a bhí sealbhaithe ag daoine idir nádúrtha agus dlítheanach sa tréimhse nuair a bhí an Ghraonlainn ina cuid den Chomhphobal agus le réiteach a dhéanamh maidir le cúnamh airgid a dheonaigh an Comhphobal don Ghraonlainn sa tréimhse sin.

Airteagal 3

Cuirfear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh na Comhairle den 16 Nollaig 1980 maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríoch thar lear le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa:

'6. Pobal ar leith de chuid Ríocht na Danmhairge:

— an Ghraonlainn.'

Faisnéis faoi dhátá theacht i bhfeidhm an Chonartha ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach

Ó tá na nósanna imeachta is gá do theacht a bhfeidhm an Chonartha ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach curtha i gcrích, tiocfaidh an Conradh i bhfeidhm, de réir Airteagal 6 (2) dá théacs, ar 1 Feabhra 1985.

Oifigí Díolacháin agus Síntiúis	Airgead Náisiúnta	Síntiús bliantúil			Praghas an chóip		
		'L + C' (bliain féilire) 1985	IO Forlíonadh (Fógraí agus Conarthaí poiblí) bliain féilire 1985	'Iar-scríbhinn – Díospóireachtaí' (Márta-Feabhra) Tuarascáil iomlán ar sheisiúin Pharlaimint na hEorpa	1–32 lch	33–80 lch	81 lch nó níos mó
ÉIRE *Síntiúis** *Cóipeanna singile:* Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance Sráid Theach Laighean Baile Átha Cliath 2 *nó ar an bpost ó* Oifig an tSoláthair Baile Átha Cliath 4 Tel. 68 90 66	£Irl	152,00	68,00	46,00	1,60	3,20	
AN BHEILG Moniteur belge, 40/42, rue de Louvain, 1000 Bruxelles Belgisch Staatsblad, Leuvensestraat 40/42, 1000 Brussel Cuntas Postseic: 000-200 5502-27 – Tel. 512 00 26	Bfrs	9 600,—	4 300,—	2 900,—	100,—	200,—	
AN DANMHAIRG *Síntiúis** *Cóipeanna singile:* J. H. Schultz – Boghandel – Møntergade 19 DK 1116 København K – Tel. (01) 14-11-95	Dkr	1 700,—	765,—	520,—	18,—	36,—	
AN FHRAINC Service de vente en France des publications des Communautés européennes 26, rue Desaix – 75732 Paris – Cédex 15e Tel. 578 61 39 – Cuntas Postseic: Paris 23-96	FF	1 440,—	645,—	435,—	15,—	30,—	
AN GHEARMÁIN Bundesanzeiger – 5000 Köln 1 – Breite Straße Tel. (02 21) 20 29-0 – Postfach 108 006 Telex: Anzeiger Bonn 08 882 595 Cuntas Postseic: 83 400-502 Köln	DM	475,—	212,—	143,—	5,—	10,—	
AN IODÁIL Licosa SpA, via Lamarmora 45, casella postale 552, 50121 Firenze Tel. 57 97 51 – Telex 570466 Licosa I – CCP 343 509	Lit	287 000	130 000	87 000	3 000	6 000	
AN ÍSILTÍR Staatsdrukkerij- en Uitgeverijbedrijf Christoffel Plantijnstraat – An Hág Tel. (070) 78 99 11 – Cuntas Postseic: 42 53 00	Fl	530,—	237,—	160,—	5,50	11,—	
LUCSAMBURG Féadfar síntiúis don IO a shocrú agus a íoc i bPostoifigí *Cóipeanna singile**	Lfrs	9 600,—	4 300,—	2 900,—	100,—	200,—	
AN RÍOCHT AONTAITHE *Síntiúis** *Cóipeanna singile:* H. M. Stationery Office – P.O. Box 569 London SE1 9NH – Tel. 01-928 6977, ext. 365	£	121,25	54,25	36,50	1,30	2,60	
TÍORTHA EILE *Síntiúis agus cóipeanna singile**	Bfrs	9 600,—	4 300,—	2 900,—	100,—	200,—	

Socraítear an praghas i ngach cás ar leith agus clóbhuailtear ar an gclúdach é.

* Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach –
Tel. 49 00 81
L-2985 Lucsamburg
Cuntas Postseic: 19 190-81
Cuntas reatha bainc: B.I.L. 8-109/6003/300

Cuirtear post-táillí speisialta i sonrasc ar leith

Bíonn foilseacháin eile na gComhphobal Eorpach, idir thréimhseacháin agus eile, ar fáil sna hOifigí thuasluaite. Seoltar praghasliostaí in aisce ach iad a iarraidh.